An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Ceisteanna Coitianta Achoimre le Scoil Campaí Samhraidh - Athcheangal leis an Scoil- mBunscoileanna DEIS

Cad iad na haidhmeanna atá le Soláthar Campaí Samhraidh

Le roinnt blianta anuas chuir an Roinn Oideachais agus Scileanna, tríd an Rannóg um Oideachas Múinteoirí, maoiniú ar fáil do roinnt bunscoileanna DEIS, i mBANDA 1 chun Campa Samhraidh don Litearthacht agus don Uimhearthacht a eagrú trí Chlár na gCampaí Samhraidh. Tá sé de rogha ag na scoileanna atá rannpháirteach ann campa trí mheán an Bhéarla nó Campa as Gaeilge a eagrú.

Déantar an clár a mhaoiniú chun díriú ar mhíbhuntáiste sóisialta agus oideachais. Féachann sé le cúnamh a thabhairt do dhaltaí a bhfuil deacrachtaí sóisialta nó acadúla acu i dtaca le teanga agus uimhearthacht agus a bhainfeadh leas as Campa Samhraidh seachtaine ina mbeadh cóimheas íseal idir múinteoirí agus daltaí.

I gClár na gCampaí Samhraidh, atá á leathnú chuig gach Bunscoil DEIS in 2020, tacófar le folláine daltaí, lena mothú cóngais agus cuirfear ar a gcumas athcheangal a dhéanamh le comhpháirtithe agus múinteoirí agus cothófar ateagmháil leis an scoil ina measc. Leagtar béim sa chlár ar thacaíocht a thabhairt do na daltaí sin a measann an scoil gurb iad sin na daltaí a bhfuil an leibhéal riachtanais is airde acu, go háirithe maidir le téamaí an phlean gníomhaíochta DEIS atá ag an scoil.

Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá le Clár na gCampaí Samhraidh:

- Tacaíocht a thabhairt d'fholláine shóisialta, fhisiciúil agus mhothúchánach na ndaltaí.
- Daltaí a chumasú chun caidreamh a fhorbairt le comhpháirtithe agus le múinteoirí agus tacaíocht a thabhairt d'athcheangal na ndaltaí leis an scoil.
- Éagsúlacht d'eispéiris shaibhre oideachais a chur ar fáil do dhaltaí i réimse timpeallachtaí, ar eispéiris iad a chothóidh folláine, muintearas agus cruthaíocht iontu, agus a chuirfidh a bhféinmhuinín i dtaca leis an bhfoghlaim chun cinn.

An mbeidh treoirlínte sláinte poiblí ar fáil do scoileanna sula ndéanfaidh siad campa a reáchtáil?

Éilítear ar scoileanna campaí a fheidhmiú i gcomhréir leis na treoirlínte sláinte poiblí cuí. D'iarr an Roinn comhairle ar na húdaráis sláinte maidir le hathoscailt scoileanna agus maidir le clár oideachais samhraidh a fheidhmiú. Déanfaidh an Roinn deimhin de go gcuirfear treoir ar fáil do scoileanna roimh thús chláir Oideachais an tSamhraidh.

Conas ba cheart do scoileanna daltaí a roghnú chun freastal ar na campaí?

Tá cead ag scoileanna díriú ar an gcohórt daltaí is oiriúnaí dar leo, bunaithe ar riachtanais shóisialta, oideachais nó folláine na ndaltaí sin, torthaí measúnuithe, luath-idirghabháil agus aoischohóirt. Beidh cóimheas 1:12 idir múinteoirí agus daltaí agus 36 dalta san iomlán i bhformhór na gcampaí. Ainneoin sin, éascóidh an Roinn Campaí Samhraidh ina mbeidh beirt mhúinteoirí agus 24 dalta freisin.

Cén maoiniú a chuirtear ar fáil chun na campaí a reáchtáil?

Tá deontas iníoctha agus cuimsíonn sé €900 comhlán in aghaidh an mhúinteora, lena n-áirítear an phleanáil go léir roimh an gcampa agus riarachán le linn agus i ndiaidh an champa. Íocfar €6 sa lá in aghaidh an dalta chun costais a chlúdach, lena n-áirítear acmhainní agus lónta.
Má fhaightear deimhniú ón scoil go gcloífidh sí le téarmaí agus coinníollacha chlár na gCampaí Samhraidh, íocfaidh Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar / na hUaimhe an deontas iomlán isteach i gcuntas bainc do scoile trí ríomhaistriú airgid (RAA) sula dtosóidh an campa.

Cathain is féidir le scoil a campa seachtaine a reáchtáil?

Is faoin scoil féin atá sé teacht ar chinneadh faoin tseachtain is oiriúnaí chun an campa samhraidh a reáchtáil. Ainneoin sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos fearr Clár na gCampaí Samhraidh a chur ar fáil le linn mhí Lúnasa agus chomh gar agus is féidir d'athoscailt na scoile.

Ba cheart na himeachtaí a eagrú ar feadh 22.5 uair an chloig thar 5 lá, ó Luan go hAoine agus an dá lá sin san áireamh.

An gcuirfear oiliúint ar fáil do mhúinteoirí a bhfuil campaí samhraidh á reáchtáil acu?

Cuirfear oiliúint ar fáil do na múinteoirí go léir a bheidh páirteach i gClár na gCampaí Samhraidh. Tá sé éigeantach freastal ar an oiliúint sin. Beidh roinnt seimineár gréasáin beo i gceist leis an oiliúint.

Clúdófar gnéithe tábhachtacha sna seimineáir ghréasáin, amhail tacaíocht a thabhairt d'fholláine múinteoirí agus daltaí, timpeallachtaí foghlama, modheolaíochtaí spraíúla teagaisc, cuairt ar an leabharlann, chomh maith le pleanáil agus measúnú agus riachtanais riaracháin.

Déanfaidh Ionaid Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar /na hUaimhe na seisiúin oiliúna do sholáthar Chlár na gCampaí Samhraidh a óstáil ag deireadh mhí an Mheithimh. Déanfar tuilleadh sonraí a chur amach chuig na scoileanna go léir a bheidh páirteach sa chlár.

Beidh tuilleadh tacaíochta ar fáil ar an bhfón nó ar ríomhphost chun cúnamh a thabhairt do scoileanna a mbeidh na campaí á reáchtáil acu. Cuirfear sonraí teagmhála ar fáil ag an oiliúint. Tá naisc le hacmhainní úsáideacha ar fáil ar shuíomhanna gréasáin na n-ionad Oideachais, chomh maith le Scoilnet, NCSE, NEPS agus PDST.

Tá lámhleabhar chun tacaíocht a thabhairt d’eagrú agus do sholáthar Chlár na gCampaí Samhraidh ar fáil mar dhoiciméad PDF ar shuíomhanna gréasáin Ionad Oideachais na hUaimhe agus Ionad Oideachais Dhroim Conrach.

An mbeidh campaí faoi réir cigireachta nó meastóireachta?

Ní dhéanfar aon chigireachtaí foirmiúla. Mar sin féin, tá ról ag an gCigireacht maidir le comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil do Sholáthar na gCampaí Samhraidh. Déanfaidh cigire teagmháil le roinnt de lucht

eagraithe na gcampaí chun am a shocrú a bheadh oiriúnach do chomhrá faoi obair an champa, chun an obair a dhearbhú agus chun comhairle agus tacaíocht a thairiscint freisin.

Cuirfidh na comhráite forléargas ar fáil don Rannóg um Oideachas Múinteoirí maidir le hobair na gcampaí agus tuairimí na múinteoirí faoin tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gclár maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaltaí agus iad ag athcheangal lena gcomhpháirtithe agus leis an scoil arís.

Cad é an próiseas iarratais i gcomhair scoileanna?

Tá próiseas iarratais simplithe i bhfeidhm chun leathnú Chlár na gCampaí Samhraidh chuig gach bunscoil DEIS a éascú. Dá mba mhaith le do scoilse a bheith páirteach i gClár na gCampaí Samhraidh, ba cheart duit an fhoirm um Léiriú Spéise atá leis an litir seo a chomhlánú. Ní mór an fhoirm chomhlánaithe a chur chuig campaisamhraidh@dwec.ie tráth nach déanaí ná **an Luan an 22 Meitheamh 2020.**

Ní mór duit an campa samhraidh a chur san áireamh ar liosta na ngníomhaíochtaí scoile i Ráiteas Slánchumhdaithe Leanaí agus i ndoiciméad Measúnaithe Riosca do scoile. Mura bhfuil sé ar an liosta cheana féin, ní mór é a chur leis (is féidir an ghníomhaíocht bhreise a cheadú ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an mBord Bainistíochta).

Ní mór go mbeadh cóip den **mhír/leathanach** ábhartha den Ráiteas Slánchumhdaithe Leanaí agus den doiciméad Measúnaithe Riosca, áit a bhfuil Clár na gCampaí Samhraidh liostaithe mar cheann de ghníomhaíochtaí na scoile, in éineacht leis an bhfoirm um léiriú spéise.